2024/913

25.3.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/913 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Nollaig 2023

lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun Rialachán 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm maidir le formáid agus ábhar na faisnéise a bheidh le cur in iúl i ndáil le gníomhaíochtaí trasteorann bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha agus le malartú faisnéise idir údaráis inniúla maidir le litreacha fógraí trasteorann

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoracha 2003/41/CE agus 2009/65/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 1095/2010 ([1]), agus go háirithe Airteagal 31(5), an dara fomhír, Airteagal 32(8), an dara fomhír, agus Airteagal 33(8), an dara fomhír de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá malartú faisnéise idir údaráis inniúla ina chuid de na nósanna imeachta i ndáil le fógraí ó bhainisteoirí cistí infheistíochta malartacha (BCIManna) ar mian leo gníomhaíochtaí margaíochta nó bainistíochta a dhéanamh, seirbhísí a sholáthar nó brainse a bhunú i mBallstáit óstacha. Chun na nósanna imeachta riaracháin sin a dhúnadh ar bhealach réidh, tapa, neamhmhaorlathach agus iontaofa, is gá an malartú faisnéise idir na húdaráis inniúla a shonrú agus a chomhchuibhiú trí fhoirmeacha comhchuibhithe, teimpléid, nósanna imeachta um chomhar agus cur i bhfeidhm cumarsáide trí mheán leictreonach a fhorbairt.

(2) Chun an méid ollmhór faisnéise a chuirtear agus a fhaightear i ndáil leis na fógraí idir na Ballstáit a tharchur, gan aon am a chur amú agus ar bhealach iontaofa, atá éifeachtúil ó thaobh costas de agus neamhmhaorlathach, tá sé fíor-riachtanach go soláthrófar an fhaisnéis lena mbaineann trí mheán leictreonach. Cé go bhféadfadh sé go soláthrófaí faisnéis den sórt sin trí ríomhphost, ba cheart a bheith in ann an fhaisnéis sin a sholáthar freisin trí theicneolaíocht leictreonach eile a d'fhéadfadh a bheith níos forbartha. Is gá, dá bhrí sin, nós imeachta mionsonraithe a leagan amach maidir leis na tarchuir leictreonacha sin agus maidir le déileáil le fadhbanna teicniúla a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus an fhaisnéis á tarchur idir na húdaráis inniúla.

(3) Tá forálacha an Rialacháin seo nasctha go dlúth ós rud é go mbaineann siad le foirm agus ábhar na faisnéise atá le malartú idir BCIManna agus údaráis náisiúnta inniúla na mBallstát baile agus óstach i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an BCIM seirbhísí trasteorann a sholáthar. Chun comhleanúnachas a áirithiú idir na forálacha sin, ar cheart dóibh teacht i bhfeidhm an tráth céanna, agus chun barúil chuimsitheach agus rochtain éifeachtúil a áirithiú d'AIFManna agus údaráis náisiúnta inniúla a éascú, is iomchuí iad a chur san áireamh in aon Rialachán amháin.

(4) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a chuir an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ÚEUM) faoi bhráid an Choimisiúin.

(5) Reáchtáil ESMA comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir le forálacha na ndréachtchaighdeán teicniúil cur chun feidhme ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, a bhaineann leis na litreacha fógartha teimpléid le haghaidh margaíocht agus bainistíocht chistí infheistíochta malartacha (CIManna) i mBallstáit óstacha, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí gaolmhara féideartha, agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

([1]) IO L 174, 1.7.2011, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

(6) Chun AIFManna agus údaráis inniúla a chumasú chun oiriúnú do na ceanglais nua a leagtar síos sa Rialachán seo, is iomchuí a chur i bhfeidhm a chur siar,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Foirm agus ábhar litreacha samplacha caighdeánacha fógraí

1. Agus fógra á thabhairt d'údaráis inniúla a Bhallstáit baile maidir le gach CIM an Aontais atá beartaithe ag BCIM an Aontais a mhargú sa Bhallstát baile i gcomhréir le hAirteagal 31(2) de Threoir 2011/61/AE, úsáidfidh BCIM an Aontais an tsamhail a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Agus fógra á thabhairt d'údaráis inniúla a Bhallstáit baile maidir le gach CIM an Aontais atá beartaithe ag BCIM an Aontais a mhargú i mBallstát seachas a Bhallstát baile i gcomhréir le hAirteagal 32(2) de Threoir 2011/61/AE, úsáidfidh BCIM an Aontais an tsamhail a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 33(2) de Threoir 2011/61/AE á cur in iúl, úsáidfidh BCIManna an tsamhail a leagtar amach in Iarscríbhinn III agus, i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag BCIM brainse dá dtagraítear in Airteagal 33(3) de Threoir 2011/61/AE a bhunú, úsáidfidh sé freisin an tsamhail a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tarchur na bhfógraí a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 33(2) de Threoir 2011/61/AE

1. Foilseoidh na húdaráis inniúla ar a suíomh gréasáin an seoladh ríomhphoist nó an bealach cumarsáide eile atá le húsáid chun na fógraí arna ndéanamh ag BCIManna a sheoladh i gcomhréir le hAirteagal 33(2) de Threoir 2011/61/AE.

2. Seolfaidh BCIManna na fógraí dá dtagraítear i mír 1 i bhformáid mheaisín-inléite chuig an seoladh ríomhphoist arna fhoilsiú i gcomhréir le mír 1 nó trí aon bhealach cumarsáide eile arna chur i bhfeidhm ag údaráis inniúla.

Airteagal 3

Teimpléid atá le húsáid chun faisnéis a mhalartú idir údaráis inniúla

Úsáidfidh údaráis inniúla Bhallstát baile an BCIM an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo le haghaidh an ráitis dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 32(3) de Threoir 2011/61/AE.

Airteagal 4

Tarchur fógraí idir na húdaráis inniúla

1. Ainmneoidh na húdaráis inniúla pointe teagmhála aonair chun an fhaisnéis agus na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 3 a chur in iúl agus a tharchur. Tabharfaidh na húdaráis inniúla fógra do gach údarás inniúil eile faoi shonraí an phointe teagmhála sin, agus faoi aon mhodhnú ar an bpointe teagmhála sin.

2. Áiritheoidh na húdaráis inniúla go ndéanfar faireachán gach lá oibre ar a seoladh ríomhphoist ainmnithe nó ar a gcainéal cumarsáide eile chun fógraí a fháil.

3. Déanfaidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis agus na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 3 a sheoladh trí ríomhphost nó, má roghnaítear bealaí cumarsáide eile, i bhformáid mheaisín-inléite, chuig an bpointe teagmhála dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 14 Aibreán 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Nollaig 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Samhail de litir fógra le haghaidh mhargaíocht CIManna an Aontais faoi Airteagal 31(2) de Threoir 2011/61/AE

LITIR FÓGRA

FÓGRA AN RÚIN MAIDIR LE hAONAID MARGAIDH NÓ SCAIREANNA CIM NÓ CIManna ATÁ Á mBAINISTIÚ AG AN BCIM CÉANNA I mBALLSTÁT BAILE BCIM I gCOMHRÉIR LE hAIRTEAGAL 31(2) DE THREOIR 2011/61/AE (AIFMD) ([1]).

IN _____ *(Ballstát baile an BCIM)*

An bhfuil fógra á thabhairt agat faoi leasuithe ar fhaisnéis a soláthraíodh cheana féin i bhfógra tosaigh?

Tá □ Níl □

*Más 'Tá' an freagra ar an gceist seo, ná líon isteach ach an fhaisnéis a tugadh cothrom le dáta i gcomparáid leis an bhfógra roimhe seo agus sonraigh dáta an fhógra roimhe seo:*_____

CLÁR ÁBHAR

CUID 1 – Faisnéis maidir le BCIM nó CIM a bhainistítear go hinmheánach

CUID 2 – Faisnéis maidir leis na CIManna atá le margú i mBallstát baile an BCIM

Roinn 1. Sainaithint na CIManna

Roinn 2. Socruithe arna ndéanamh chun margaíocht d'infheisteoirí miondíola a chosc

Roinn 3. Ceangaltáin

CUID 1

Faisnéis maidir le BCIM nó CIM a bhainistítear go hinmheánach

Faisnéis maidir le BCIM nó CIM a bhainistítear go hinmheánach	
BCIM nó CIM a bhainistítear go hinmheánach ([1])	
BCIM nó Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh ([1]) CIM a bhainistítear go hinmheánach	
Cód céannachta náisiúnta an BCIM nó CIM a bhainistítear go hinmheánach (i gcás ina mbeidh fáil air sin) ([1])	
Ballstát baile an BCIM nó an CIM a bhainistítear go hinmheánach ([1])	
Seoladh agus, i gcás inar difriúil leis an seoladh é sin, oifig chláraithe/ sainchónaí	
Fad an BCIM nó an CIM a bhainistítear go hinmheánach, i gcás inarb infheidhme	
Mionsonraí shuíomh gréasáin an BCIM nó an CIM a bhainistítear go hinmheánach	

([1]) Ba cheart an mhír seo a líonadh isteach i gcónaí, i gcás nithe a thugtar cothrom le dáta freisin.

Sonraí teagmhála na roinne (nó pointe teagmhála) atá freagrach as an litir fógra laistigh de BCIM nó de CIM a bhainistítear go hinmheánach	
Roinn (nó pointe teagmhála)	
Uimhir theileafóin	
Seoladh ríomhphoist	

([1]) Ba cheart an litir fógra sin a úsáid freisin le haghaidh CIM a cháilíonn freisin mar Chiste Infheistíochta Fadtéarmaí Eorpach agus a mhargaítear faoi Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2015/760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le cistí infheistíochta fadtéarmaí Eorpacha (IO L 123, 19.5.2015, lch. 98) i gcomhar le hAirteagal 31(2) de Threoir 2011/61/AE.

Sonraí an tríú páirtí (i gcás ina n-ainmníonn BCIM nó CIM a bhainistítear go inmheánach tríú páirtí chun an fógra a thabhairt)	
Tríú páirtí	
Seoladh agus, i gcás inar difriúil leis an seoladh é sin, oifig chláraithe/ sainchónaí	
Roinn (nó pointe teagmhála)	
Uimhir theileafóin	
Seoladh ríomhphoist	

Roinn (nó pointe teagmhála) chun an sonrasc a tharchur nó chun aon táille nó muirir rialála is infheidhme a chur in iúl (más infheidhme) ([1])	
Ainm an eintitis	
Seoladh agus, i gcás inar difriúil leis an seoladh é sin, oifig chláraithe/ sainchónaí	
Roinn (nó pointe teagmhála)	
Uimhir theileafóin	
Seoladh ríomhphoist	

([1]) Léirigh teagmhálaí aonair chun an sonrasc a tharchur nó chun aon táille nó muirear rialála is infheidhme a chur in iúl dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2019/1156 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena n-éascaítear dáileadh trasteorann gnóthas comhinfheistíochta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 345/2013, (AE) Uimh. 346/2013 agus (AE) Uimh. 1286/2014 (IO L 188, 12.7.2019, lch. 55) agus in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/955 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2021 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme le haghaidh chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/1156 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil leis na foirmeacha, na teimpléid, na nósanna imeachta agus na socruithe teicniúla le haghaidh na bhfoilseachán agus na bhfógraí maidir le rialacha, táillí agus muirir mhargaíochta, agus lena sonraítear an fhaisnéis atá le cur in iúl chun an bunachar sonraí lárnach maidir le margaíocht trasteorann CIManna agus GCUInna a chruthú agus a chothabháil, chomh maith leis na foirmeacha, na teimpléid agus na nósanna imeachta le haghaidh faisnéis den sórt sin a chur in iúl (IO L 211, 15.6.2021, lch. 30). Féadfaidh an pointe teagmhála sin a bheith mar an gcéanna leis an bpointe teagmhála a ainmnítear laistigh de BCIM, nó an pointe teagmhála laistigh de thríú páirtí ceaptha.

Faisnéis maidir leis na CIManna atá le margú i mBallstát baile an BCIM

Roinn 1. Sainaithint na CIManna

Líon isteach an tábla thíos le faisnéis maidir le gach CIM atá beartaithe agat a mhargú, ag cruthú tábla nua le haghaidh gach CIM agus gan ach aicme scaireanna amháin (ainm agus ISIN) a léiriú ar gach líne. I gcás ina bhfuil CIM i bhfoirm scáth-CIM agus roinnt deighleoga nó fochistí aige, tuigfear le tagairtí don CIM sa tábla thíos go dtagraíonn siad don deighleog nó don fhochiste atá le margú i mBallstát baile an BCIM seachas don scáth-CIM, a shainaithneofar ar leithligh sa cholún comhfhreagrach.

Ainm an CIM atá le margú	Dáta corprú-cháin nó dáta comhdhéa-naimh an CIM	Ballstát baile an CIM	Foirm dhlíthiúil an CIM[1]	LEI an CIM (i gcás ina mbeidh fáil air sin)	Margaíocht chuig infheisteoirí mion-díola[2]	Ainm gach aicme scaireanna den CIM	ISIN an CIM/gach aicme scaireanna den CIM (*i gcás ina mbeidh fáil air sin*)	Ainm taisclainne CIM	Fad an CIM (*i gcás inarb infheidhme*)	Cód céannachta náisiúnta an CIM (*i gcás ina mbeidh fáil air sin*)	Ainm an scáth-CIM (*i gcás inarb infheidhme*)	Straitéis infheis-tíochta an CIM[3]

(1) Tá ceann díobh seo a leanas i gceist leis an bhfoirm dhlíthiúil: comhchiste, iontaobhas aonad, cuideachta infheistíochta, nó aon fhoirm dhlíthiúil eile atá ar fáil faoi reachtaíocht náisiúnta Bhallstát baile an CIM.
(2) I gcás ina gceadaítear sin i mBallstát baile an BCIM: 'Ceadaítear'/'Ní cheadaítear'. I gcás nach gceadaíonn reachtaíocht Bhallstát baile an BCIM margaíocht d'infheisteoirí miondíola, sonraigh 'Neamhbhainteach'.
(3) Sonraigh an príomhchineál CIM agus an miondealú de réir straitéisí infheistíochta mar a leagtar amach sa teimpléad tuairiscithe a áirítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 231/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díolúintí, coinníollacha ginearálta oibríochta, taiscí, giaráil, trédhearcacht agus maoirseacht (IO L 83, 22.3.2013, lch. 1).

Struchtúir mháistir-fothaire (i gcás inarb infheidhme):

Ainm an mháistir-CIM nó na máistir-dheighleoige nó na máistir-dheighleog	LEI an mháistir-CIM nó na máistir-dheighleoige nó na máistir-dheighleog (i gcás ina mbeidh fáil air sin)	BCIM an mháistir-CIM/na máistir-dheighleoige (i gcás inar difriúil le BCIM an CIM é)	LEI BCIM an mháistir-CIM/na máistir-dheighleoige (i gcás inar difriúil le BCIM an CIM é agus i gcás ina mbeidh fáil air sin)	Ballstát baile an mháistir-CIM (i gcás inar difriúil le Ballstát baile an CIM é)	Ballstát baile BCIM an mháistir-CIM (i gcás inar difriúil le Ballstát baile an mháistir-CIM) é

Roinn 2. Socruithe arna ndéanamh chun margaíocht d'infheisteoirí miondíola a chosc

Soláthraítear faisnéis maidir leis na socruithe a bunaíodh chun cosc a chur ar aonaid nó scaireanna an CIM a mhargú d'infheisteoirí miondíola agus soláthraítear faisnéis i gcás ina mbraitheann BCIM ar ghníomhaíochtaí eintiteas neamhspleách chun seirbhísí infheistíochta a sholáthar i ndáil le CIM chomh maith ([1])	

([1]) Ní mór an fhaisnéis sin a líonadh isteach i ndáil le CIManna a bhfuil sé beartaithe iad a mhargú d'infheisteoirí gairmiúla amháin. Ní gá aon socrú a chur i bhfeidhm i ndáil le CIManna a bheartaíonn BCIM/CIM féinbhainistithe a mhargú d'infheisteoirí miondíola, i gcás ina gceadaítear sin le reachtaíocht náisiúnta Bhallstát baile an BCIM i gcomhréir le hAirteagal 43 de Threoir 2011/61/AE. I gcás ina dtagraíonn an litir fógra seo do CIManna atá spriocdhírithe ar infheisteoirí gairmiúla agus ar CIManna atá spriocdhírithe ar infheisteoirí miondíola, ná cuir faisnéis in iúl ach amháin i ndáil le CIManna atá spriocdhírithe ar infheisteoirí gairmiúla amháin.

Roinn 3. Ceangaltáin

An leagan is déanaí de rialacha CIM nó d'ionstraimí corprúcháin (*i gcás ina mbeidh fáil air sin*).
An leagan is déanaí den doiciméad tairisceana (e.g., réamheolaire) (*i gcás ina mbeidh fáil air sin*).
An tuarascáil bhliantúil is déanaí ó CIM (i gcás ina mbeidh fáil air sin).
Aon fhaisnéis bhreise dá dtagraítear in Airteagal 23(1) de Threoir 2011/61/AE maidir le gach CIM atá le margú ([2]).
Eile (sonraigh).

(Teideal an doiciméid nó ainm an cheangaltáin comhaid leictreonaigh)

Dáta	
Ainm agus cáil an tsínitheora	
Síniú	

([2]) Mír (f) d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2011/61/AE.

IARSCRÍBHINN II

Samhail de litir fógra le haghaidh mhargaíocht trasteorann CIManna an Aontais faoi Airteagal 32(2) de Threoir 2011/61/AE

LITIR FÓGRA

FÓGRA AN RÚIN MAIDIR LE hAONAID NÓ SCAIREANNA MARGAIDH CIM NÓ CIManna ATÁ Á mBAINISTIÚ AG AN BCIM CÉANNA I mBALLSTÁT SEACHAS BALLSTÁT BAILE BCIM i gCOMHRÉIR LE hAIRTEAGAL 32(2) DE THREOIR 2011/61/AE (AIFMD) [1].

IN _____ *(an Ballstát/na Ballstáit óstach/a)*

An bhfuil fógra á thabhairt agat faoi leasuithe ar fhaisnéis a soláthraíodh cheana féin i bhfógra tosaigh?

Tá □ Níl □

*Más 'Tá' an freagra ar an gceist seo, ná líon isteach ach an fhaisnéis a tugadh cothrom le dáta i gcomparáid leis an bhfógra roimhe seo agus sonraigh dáta an fhógra roimhe seo:*_____

CLÁR ÁBHAR

CUID – 1 Faisnéis maidir le BCIM nó CIM a bhainistítear go hinmheánach

Roinn 1. Sainaithint an BCIM nó an CIM a bhainistítear go hinmheánach

Roinn 2. Saoráidí d'infheisteoirí miondíola (i gcás inarb ábhartha)

CUID – 2 Faisnéis maidir leis na CIManna atá le margú sa Bhallstát óstach

Roinn 1. Sainaithint na CIManna

Roinn 2. Socruithe arna ndéanamh chun aonaid nó scaireanna CIManna a mhargú

Roinn 3. Ceangaltáin

CUID 1

Faisnéis maidir le BCIM nó CIM a bhainistítear go hinmheánach

Roinn 1. Sainaithint an BCIM nó an CIM a bhainistítear go hinmheánach

Faisnéis maidir le BCIM nó CIM a bhainistítear go hinmheánach	
BCIM nó CIM a bhainistítear go hinmheánach [1]	
BCIM nó Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh [1] CIM a bhainistítear go hinmheánach	
Cód céannachta náisiúnta an BCIM nó CIM a bhainistítear go hinmheánach (i gcás ina mbeidh fáil air sin) [1]	
Ballstát baile an BCIM nó an CIM a bhainistítear go hinmheánach [1]	
Seoladh agus, i gcás inar difriúil leis an seoladh é sin, oifig chláraithe/ sainchónaí	
Fad an BCIM nó an CIM a bhainistítear go hinmheánach, i gcás inarb infheidhme	
Mionsonraí shuíomh gréasáin an BCIM nó an CIM a bhainistítear go hinmheánach	

[1] Ba cheart an mhír seo a líonadh isteach i gcónaí, i gcás nithe a thugtar cothrom le dáta freisin.

[1] Ba cheart an litir fógra sin a úsáid chomh maith le haghaidh CIM a cháilíonn freisin mar Chiste Infheistíochta Fadtéarmaí Eorpach agus a mhargaítear faoi Airteagal 31(2) de Rialachán (AE) 2015/760 i gcomhar le hAirteagal 32(2) de Threoir 2011/61/AE.

Sonraí teagmhála na roinne (nó pointe teagmhála) atá freagrach as an litir fógra laistigh de BCIM nó de CIM a bhainistítear go hinmheánach a bhunú	
Roinn (nó pointe teagmhála)	
Uimhir theileafóin	
Seoladh ríomhphoist	

Sonraí an tríú páirtí (i gcás ina n-ainmníonn BCIM nó CIM a bhainistítear go inmheánach tríú páirtí chun an fógra a thabhairt)	
Tríú páirtí	
Seoladh agus, i gcás inar difriúil leis an seoladh é sin, oifig chláraithe/ sainchónaí	
Roinn (nó pointe teagmhála)	
Uimhir theileafóin	
Seoladh ríomhphoist	

Pointe teagmhála chun an sonrasc a tharchur nó chun aon táille nó muirir rialála is infheidhme a chur in iúl (más infheidhme) ([1])	
Ainm an eintitis	
Seoladh agus, i gcás inar difriúil leis an seoladh é sin, oifig chláraithe/ sainchónaí	
Roinn (nó pointe teagmhála)	
Uimhir theileafóin	
Seoladh ríomhphoist	

([1]) Léirigh pointe teagmhála aonair chun an sonrasc a tharchur nó chun aon táille nó muirear rialála is infheidhme a chur in iúl dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2019/1156 agus in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/955 ón gCoimisiún. Féadfaidh an pointe teagmhála sin a bheith mar an gcéanna leis an bpointe teagmhála a ainmnítear laistigh de BCIM, nó pointe teagmhála laistigh de thríú páirtí ceaptha.

Sonraigh cén seoladh ríomhphoist a sholáthraítear sa roinn seo (pointe teagmhála ag BCIM nó CIM a bhainistítear go hinmheánach, pointe teagmhála laistigh den tríú páirtí ceaptha nó pointe teagmhála le haghaidh tharchur an tsonraisc) arb é an seoladh is fearr é ar féidir leis an údarás náisiúnta inniúil óstach aon fhaisnéis rúnda a tharchur chuige (*inter alia*, sonraí um logáil isteach agus pasfhocal chun rochtain a fháil ar na córais náisiúnta le haghaidh tuairiscithe)	

Roinn 2. Saoráidí d'infheisteoirí miondíola (i gcás inarb ábhartha)

De bhun Airteagal 32(1) de Threoir 2011/61/AE, údaraítear BCIManna an Aontais chun aonaid nó scaireanna de CIManna an Aontais a bhainistíonn siad a mhargú d'infheisteoirí gairmiúla i mBallstáit eile seachas a mBallstát baile. Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt do BCIManna aonaid nó scaireanna CIManna atá á mbainistiú acu a mhargú d'infheisteoirí miondíola ina gcríoch i gcomhréir le hAirteagal 43 de Threoir 2011/61/AE.

Ní mór an fhaisnéis maidir le saoráidí d'infheisteoirí miondíola a líonadh isteach i gcás ina ndíríonn margaíocht CIManna ar infheisteoirí miondíola.

I gcomhréir le pointe (j) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2011/61/AE, líon isteach an tábla seo a leanas chun faisnéis a sholáthar maidir leis na saoráidí chun na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 43a(1) den Treoir seo a dhéanamh:

Cúram na saoráide	Faisnéis faoi na saoráidí a dhéanann na cúraimí	Ainm/foirm dhlíthiúil/oifig chláraithe/seoladh, ríomhphost, agus uimhir theileafóin le haghaidh chomhfhreagras an eintitis atá freagrach as na saoráidí a sholáthar
Orduithe suibscríbhinne, íocaíochta agus fuascailte (nó athcheannaigh) an infheisteora a phróiseáil a bhaineann le haonaid nó scaireanna an CIM		
Faisnéis a sholáthar d'infheisteoirí faoi conas is féidir orduithe dá dtagraítear thuas a dhéanamh agus conas a íoctar fáltais fuascailte (nó athcheannaigh)		
Láimhseáil faisnéise a bhaineann le feidhmiú chearta an infheisteora a eascraíonn as a n-infheistíocht sa CIM a éascú		
An fhaisnéis agus na doiciméid a éilítear de bhun Airteagail 22 agus 23 de Threoir 2011/61/AE a chur ar fáil d'infheisteoirí chun imscrúdú a dhéanamh orthu agus cóipeanna a fháil díobh		
Faisnéis atá ábhartha do na cúraimí a dhéanann na saoráidí a sholáthar d'infheisteoirí i meán marthanach mar a shainmhínítear in Airteagal 43a(1)(e) de Threoir 2011/61/AE.		
Gníomhú mar phointe teagmhála chun cumarsáid a dhéanamh leis na húdaráis inniúla		

Faisnéis maidir leis na CIManna atá le margú sa Bhallstát óstach

Roinn 1. Sainaithint na CIManna

Líon isteach an tábla thíos le faisnéis maidir le gach CIM atá beartaithe agat a mhargú sa Bhallstát óstach, ag cruthú tábla nua le haghaidh gach CIM agus gan ach aicme scaireanna amháin (ainm agus ISIN) a léiriú ar gach líne. I gcás ina bhfuil CIM i bhfoirm scáth-CIM agus roinnt deighleoga nó fochistí aige, tuigfear le tagairtí don CIM sa tábla thíos go dtagraíonn siad don deighleog nó don fhochiste atá le margú sa Bhallstát óstach seachas don scáth-CIM, a shainaithneofar ar leithligh sa cholún comhfhreagrach.

Ainm an CIM atá le margú sa Bhallstát óstach	Dáta corprúcháin nó dáta comhdhéanaimh an CIM	Ballstát baile an CIM	Foirm dhlíthiúil an CIM ([1])	LEI an CIM (*i gcás ina mbeidh fáil air sin*)	Margaíocht chuig infheisteoirí miondíola ([2])	Ainm gach aicme scaireanna den CIM	ISIN an CIM/gach aicme scaireanna den CIM (*i gcás ina mbeidh fáil air sin*)	Ainm taisclainne CIM	Fad an CIM (*i gcás inarb infheidhme*)	Cód céannachta náisiúnta an CIM (*i gcás ina mbeidh fáil air sin*)	Ainm an scáth-CIM (*i gcás inarb infheidhme*)	Straitéis infheistíochta an CIM ([3])

([1]) Tá ceann díobh seo a leanas i gceist leis an bhfoirm dhlíthiúil: comhchiste, iontaobhas aonad, cuideachta infheistíochta, nó aon fhoirm dhlíthiúil eile atá ar fáil faoi reachtaíocht náisiúnta Bhallstát baile an CIM.
([2]) I gcás ina gceadaítear sin i mBallstát baile an BCIM: 'Ceadaítear'/'Ní cheadaítear'. I gcás nach gceadaíonn reachtaíocht Bhallstát baile an BCIM margaíocht d'infheisteoirí miondíola, sonraigh 'Neamhbhainteach'.
([3]) Sonraigh an príomhchineál CIM agus an miondealú de réir straitéisí infheistíochta mar a leagtar amach sa teimpléad tuairiscithe a áirítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 231/2013.

Struchtúir mháistir-fothaire (más infheidhme):

Ainm an mháistir-CIM nó na máistir-dheighleoige nó na máistir-dheighleog	LEI an mháistir-CIM nó na máistir-dheighleoige nó na máistir-dheighleog (i gcás ina mbeidh fáil air sin)	BCIM an mháistir-CIM/na máistir-dheighleoige (i gcás inar difriúil le BCIM an CIM é)	LEI BCIM an mháistir-CIM/na máistir-dheighleoige (i gcás inar difriúil le BCIM an CIM é agus i gcás ina mbeidh fáil air sin)	Ballstát baile an mháistir-CIM (i gcás inar difriúil le Ballstát baile an CIM é)	Ballstát baile an BCIM (i gcás inar difriúil le Ballstát baile an mháistir-CIM é)

Roinn 2. Socruithe arna ndéanamh chun aonaid nó scaireanna CIManna a mhargú

Déanfaidh na húdaráis seo a leanas aonaid nó scaireanna deighleog CIM/CIM a mhargú:

☐ BCIM a bhainistíonn CIM nó CIM a bhainistítear go hinmheánach

☐ institiúidí creidmheasa

☐ gnólachtaí infheistíochta nó comhairleoirí údaraithe

☐ Comhlachtaí eile, lena n-áirítear comhlachtaí atá lonnaithe i dtríú tír. Sonraigh:

_____

Soláthraítear faisnéis maidir leis na socruithe a bunaíodh chun cosc a chur ar aonaid nó scaireanna an CIM a mhargú d'infheisteoirí miondíola agus soláthraítear faisnéis i gcás ina mbraitheann BCIM ar ghníomhaíochtaí eintiteas neamhspleách chun seirbhísí infheistíochta a sholáthar i ndáil le CIM chomh maith ([1])	

([1]) Ní mór an fhaisnéis sin a líonadh isteach i ndáil le CIManna a bhfuil sé beartaithe iad a mhargú d'infheisteoirí gairmiúla amháin. Ní gá aon socrú a chur i bhfeidhm i ndáil le CIManna a bheartaíonn BCIM/CIM féinbhainistithe a mhargú d'infheisteoirí miondíola, i gcás ina gceadaítear sin le reachtaíocht náisiúnta Bhallstát baile an BCIM i gcomhréir le hAirteagal 43 de Threoir 2011/61/AE. I gcás ina dtagraíonn an litir fógra seo do CIManna atá spriocdhírithe ar infheisteoirí gairmiúla agus ar CIManna atá spriocdhírithe ar infheisteoirí miondíola, ná cuir faisnéis in iúl ach amháin i ndáil le CIManna atá spriocdhírithe ar infheisteoirí gairmiúla amháin.

Roinn 3. Ceangaltáin

An leagan is déanaí de rialacha CIM nó d'ionstraimí corprúcháin.

An leagan is déanaí den doiciméad tairisceana (e.g., réamheolaire).

An tuarascáil bhliantúil is déanaí ó CIM (más infhaighte).

Aon fhaisnéis bhreise dá dtagraítear in Airteagal 23(1) de Threoir 2011/61/AE maidir le gach CIM atá le margú (Mír (f) d'Iarscríbhinn IV).

Eile (sonraigh).

_____

(Teideal an doiciméid nó ainm an cheangaltáin comhaid leictreonaigh)

Dáta	
Ainm agus cáil an tsínitheora	
Síniú	

IARSCRÍBHINN III

Samhail de litir fógra atá le cur faoi bhráid údarás inniúil a Bhallstáit baile ag BCIM an Aontais chun CIManna an Aontais a bhunaítear i mBallstáit eile faoi Airteagal 33(2) de Threoir 2011/61/AE a bhainistiú nó chun brainse a bhunú i mBallstát eile faoi Airteagal 33(3) de Threoir 2011/61/AE

LITIR FÓGRA

FÓGRA RÚIN BCIM CIM A BHAINISTIÚ A BHUNAÍTEAR I mBALLSTÁT EILE SEACHAS A BHALLSTÁT BAILE I gCOMHRÉIR LE hAIRTEAGAL 33(2) DE THREOIR 2011/61/AE NÓ CHUN BRAINSE A BHUNÚ I gCOMHRÉIR LE hAIRTEAGAL 33(3) DE THREOIR 2011/61/AE.

IN _____ *(an Ballstát/na Ballstáit óstach/a)*

An bhfuil fógra á thabhairt agat faoi leasuithe ar fhaisnéis a soláthraíodh cheana féin i bhfógra tosaigh?

Tá □ Níl □

I gcás inarb é 'Tá' an freagra ar an gceist seo, ná líon isteach ach an fhaisnéis a tugadh cothrom le dáta i gcomparáid leis an bhfógra roimhe seo agus sonraigh dáta an fhógra roimhe seo: _____

CLÁR ÁBHAR

CUID 1 – Faisnéis maidir le BCIM

CUID 2 – Faisnéis a bhfuil fógra le tabhairt fúithi de bhun Airteagal 33(2) de Threoir 2011/61/AE

Roinn 1. Clár oibríochtaí

Roinn 2. Faisnéis maidir leis na CIManna atá le bainistiú sna Ballstáit óstacha

CUID 3 – Faisnéis atá le soláthar ag BCIM de bhun Airteagal 33(3) de Threoir 2011/61/AE chun a ghníomhaíochtaí a dhéanamh sa Bhallstát óstach nó sna Ballstáit óstacha trí bhrainse

Roinn 1. Faisnéis maidir leis an mbrainse

Roinn 2. Clár oibríochtaí an bhrainse

Roinn 3. Struchtúr oibriúcháin an bhrainse

Roinn 4. Foirceannadh an bhrainse

CUID 1

Faisnéis maidir le BCIM

Faisnéis maidir le BCIM	
BCIM ([1])	
LEI BCIM ([1])	
Cód céannachta náisiúnta an BCIM (i gcás ina mbeidh fáil air sin) ([1])	
Ballstát baile an BCIM ([1])	
Seoladh agus, i gcás inar difriúil leis an seoladh é sin, oifig chláraithe/ sainchónaí	
Fad an BCIM (i gcás inarb infheidhme)	
Mionsonraí shuíomh gréasáin BCIM	

([1]) Ba cheart an mhír seo a líonadh isteach i gcónaí, i gcás nithe a thugtar cothrom le dáta freisin.

Sonraí teagmhála na roinne (nó pointe teagmhála) atá freagrach as an litir fógra laistigh de BCIM	
Roinn (nó pointe teagmhála)	
Uimhir theileafóin	
Seoladh ríomhphoist	

Sonraí an tríú páirtí (i gcás ina n-ainmníonn BCIM nó CIM a bhainistítear go inmheánach tríú páirtí chun an fógra a thabhairt)	
Tríú páirtí	
Seoladh agus, i gcás inar difriúil leis an seoladh é sin, oifig chláraithe/ sainchónaí	
Roinn (nó pointe teagmhála)	
Uimhir theileafóin	
Seoladh ríomhphoist	

Pointe teagmhála chun an sonrasc a tharchur nó chun aon táille nó muirir rialála is infheidhme a chur in iúl (más infheidhme) ([1])	
Ainm an eintitis	
Seoladh agus, i gcás inar difriúil leis an seoladh é sin, oifig chláraithe/ sainchónaí	
Roinn (nó pointe teagmhála)	
Uimhir theileafóin	
Seoladh ríomhphoist	

([1]) Léirigh pointe teagmhála aonair chun an sonrasc a tharchur nó chun aon táille nó muirear rialála is infheidhme a chur in iúl dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2019/1156 agus in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/955 ón gCoimisiún. Féadfaidh an pointe teagmhála sin a bheith mar an gcéanna leis an bpointe teagmhála a ainmnítear laistigh de BCIM, nó pointe teagmhála laistigh de thríú páirtí ceaptha.

Léirigh cén seoladh ríomhphoist i measc na seoltaí a shonraítear sa roinn seo (pointe teagmhála ag BCIM, pointe teagmhála laistigh den tríú páirtí ceaptha nó pointe teagmhála le haghaidh tharchur an tsonraisc) arb é an seoladh is fearr é ar féidir leis an údarás náisiúnta inniúil óstach an fhaisnéis rúnda a tharchur chuige (*inter alia*, logáil isteach agus pasfhocal chun rochtain a fháil ar na córais náisiúnta le haghaidh tuairiscithe)	

CUID 2

Faisnéis a bhfuil fógra le tabhairt fúithi de bhun Airteagal 33(2) de Threoir 2011/61/AE

Ní mór an Chuid seo a líonadh i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag BCIM a ghníomhaíochtaí a dhéanamh sa Bhallstát óstach faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, agus sa chás sin amháin. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag BCIM a ghníomhaíochtaí a dhéanamh sa Bhallstát óstach amháin trí bhrainse, fágfar an Chuid seo folamh, agus líonfar isteach Cuid 3.

Roinn 1. Clár oibríochtaí

Léirigh raon feidhme ghníomhaíochtaí an BCIM sa Bhallstát óstach

Bainistíocht infheistíochta

☐ Bainistiú punainne

☐ Bainistíocht riosca

Riarachán

☐ Seirbhísí cuntasaíochta dlí agus bainistíochta cistí

☐ Fiosruithe custaiméara

☐ Luacháil agus praghsáil, lena n-áirítear tuairisceáin chánach

☐ Faireachán ar chomhlíontacht rialála

☐ Cinneáil ar bun cláir aonaid/scairshealbhóirí

☐ Dáileadh ioncaim

☐ Eisiúintí aonaid/scaireanna agus fuascailtí

☐ Socraíochtaí conartha, lena n-áirítear seoladh deimhnithe

☐ Coimeád taifead

☐ Margaíocht

☐ Gníomhaíochtaí a bhaineann le sócmhainní an CIM

Infheistíocht agus seirbhísí neamhlárnacha

☐ Punanna infheistíochtaí a bhainistiú, lena n-áirítear iad siúd atá faoi úinéireacht cistí pinsin agus institiúidí um chóir ar scor ceirde i gcomhréir le hAirteagal 32 de Threoir (AE) 2016/2341 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le gníomhaíochtaí agus maoirseacht ar institiúidí um sholáthar pinsean ceirde (IORPanna) (IO L 354, 23.12.2016, lch. 37), i gcomhréir le sainorduithe arna dtabhairt ag infheisteoirí ar bhonn lánroghnach, cliant-ar-chliant

☐ Comhairle infheistíochta

☐ Slánchoimeád agus riarachán i ndáil le scaireanna nó aonaid gnóthas comhinfheistíochta

☐ Orduithe a ghlacadh agus a tharchur i ndáil le hionstraimí airgeadais

Tuairisc ar straitéis an BCIM sa Bhallstát óstach (e.g. léiriú ar an méid gnó atá beartaithe, na cineálacha infheisteoirí a mbeidh BCIM ag déileáil leo agus conas a gheobhaidh BCIM na hinfheisteoirí sin agus conas a dhéileálfaidh sé leo)	

Mionsonraí achoimre ar rialuithe ar shocruithe toscaireachta le tríú páirtithe i ndáil leis na gníomhaíochtaí a dhéantar sa Bhallstát óstach	

Roinn 2. Faisnéis maidir leis na CIManna atá le bainistiú sa Bhallstát óstach

Líon isteach an tábla thíos le haon fhaisnéis atá ar fáil maidir le CIManna atá ann cheana a bhfuil sé beartaithe ag BCIM a bhainistiú sa Bhallstát óstach. I gcás ina bhfuil CIM i bhfoirm scáth-CIM agus roinnt deighleoga nó fochistí aige, tuigfear le tagairtí don CIM sa tábla thíos go dtagraíonn siad don deighleog nó don fhochiste atá le bainistiú sa Bhallstát óstach seachas don scáth-CIM, a shainaithneofar ar leithligh sa cholún comhfhreagrach.

Ainm an CIM atá le bainistiú sa Bhallstát óstach	Dáta corprúcháin nó dáta comhdhéanaimh (i gcás inarb infheidhme)	Foirm dhlíthiúil an CIM ([1])	LEI an CIM (i gcás ina mbeidh fáil air sin)	Ainm taisclainne CIM	Fad an CIM	Cód céannachta náisiúnta an CIM (*i gcás ina mbeidh fáil air sin*)	Ainm an scáth-CIM (i gcás inarb infheidhme)	Straitéis infheistíochta an CIM ([2])

([1]) Tá ceann díobh seo a leanas i gceist leis an bhfoirm dhlíthiúil: comhchiste, iontaobhas aonad, cuideachta infheistíochta, nó aon fhoirm dhlíthiúil eile atá ar fáil faoi reachtaíocht náisiúnta Bhallstát baile an CIM.
([2]) Sonraigh an príomhchineál CIM agus an miondealú de réir straitéisí infheistíochta mar a leagtar amach sa teimpléad tuairiscithe a áirítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 231/2013 ón gCoimisiún.

Struchtúir mháistir-fothaire (más infheidhme):

Ainm an mháistir-CIM nó na máistir-dheighleoige nó na máistir-dheighleog	LEI an mháistir-CIM nó na máistir-dheighleoige nó na máistir-dheighleog (i gcás ina mbeidh fáil air sin)	BCIM an mháistir-CIM/na máistir-dheighleoige (i gcás inar difriúil le BCIM an CIM é)	LEI BCIM an mháistir-CIM/na máistir-dheighleoige (i gcás inar difriúil le BCIM an CIM é agus i gcás ina mbeidh fáil air sin)	Ballstát baile an mháistir-CIM (i gcás inar difriúil le Ballstát baile an CIM é)	Ballstát baile an BCIM (i gcás inar difriúil le Ballstát baile an mháistir-CIM é)

CUID 3

Faisnéis atá le soláthar ag BCIM de bhun Airteagal 33(3) de Threoir 2011/61/AE chun a ghníomhaíochtaí a dhéanamh sa Bhallstát óstach nó sna Ballstáit óstacha trí bhrainse

Ní mór an Chuid seo a líonadh isteach i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag BCIM brainse a bhunú sa Bhallstát óstach, agus sa chás sin amháin. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag BCIM a ghníomhaíochtaí a dhéanamh sa Bhallstát óstach amháin faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, fágfar an Chuid seo folamh.

Roinn 1. Faisnéis maidir leis an mbrainse

Sainaithint an bhrainse	
Ainm an bhrainse ([1])	
Cód céannachta náisiúnta an bhrainse i mBallstát baile BCIM (i gcás ina mbeidh fáil air sin) ([1])	
Cód céannachta náisiúnta an bhrainse sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe (i gcás ina mbeidh fáil air sin) ([1])	
Seoladh agus, i gcás inar difriúil leis an seoladh é sin, oifig chláraithe/ sainchónaí ([1])	
Mionsonraí shuíomh gréasáin an bhrainse (i gcás inar difriúil le suíomh gréasáin BCIM é)	

([1]) Ba cheart an mhír seo a líonadh isteach i gcónaí, i gcás nithe a thugtar cothrom le dáta freisin, i gcás ina soláthraítear faisnéis a bhaineann leis an mbrainse.

An Roinn (nó pointe teagmhála) ónar féidir doiciméid a fháil sa Bhallstát ina mbunaítear an brainse	
Roinn (nó pointe teagmhála)	
Seoladh agus, i gcás inar difriúil leis an seoladh é sin, oifig chláraithe/ sainchónaí	
Uimhir theileafóin	
Seoladh ríomhphoist	

Roinn 2. Clár oibríochtaí an bhrainse

Déanfaidh an brainse na gníomhaíochtaí seo a leanas agus soláthróidh sé na seirbhísí seo a leanas sa Bhallstát óstach/sna Ballstáit óstacha:

Bainistíocht infheistíochta

☐ Bainistiú punainne

☐ Bainistíocht riosca

Riarachán

☐ Seirbhísí cuntasaíochta dlí agus bainistíochta cistí

☐ Fiosruithe custaiméara

☐ Luacháil agus praghsáil, lena n-áirítear tuairisceáin chánach

☐ Faireachán ar chomhlíontacht rialála

☐ Coinneáil ar bun cláir aonaid/scairshealbhóirí

☐ Dáileadh ioncaim

☐ Eisiúintí aonaid/scaireanna agus fuascailtí

☐ Socraíochtaí conartha, lena n-áirítear seoladh deimhnithe

☐ Coimeád taifead

☐ Margaíocht

☐ Gníomhaíochtaí a bhaineann le sócmhainní an CIM

Infheistíocht agus seirbhísí neamhlárnacha

☐ Punanna infheistíochtaí a bhainistiú, lena n-áirítear iad siúd atá faoi úinéireacht cistí pinsin agus institiúidí um chóir ar scor ceirde i gcomhréir le hAirteagal 32 de Threoir (AE) 2016/2341, i gcomhréir le sainorduithe arna dtabhairt ag infheisteoirí ar bhonn lánroghnach, cliant-ar-chliant

☐ Comhairle infheistíochta

☐ Slánchoimeád agus riarachán i ndáil le scaireanna nó aonaid gnóthas comhinfheistíochta

☐ Orduithe a ghlacadh agus a tharchur i ndáil le hionstraimí airgeadais

Roinn 3. Struchtúr oibriúcháin an bhrainse

Tuairisc ar an bpróiseas um bainistíocht riosca arna chur i bhfeidhm ag BCIM ar leibhéal an bhrainse bunaithe ar Airteagal 45 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 231/2013	

Tuairisc ar thuairisciú feidhmiúil, geografach agus dlí	

Tuairisc ar áit an bhrainse i struchtúr corparáideach an BCIM, nó an ghrúpa ina bhfuil an BCIM ina bhall de ghrúpa	

Tuairisc ar na rialacha atá i bhfeidhm maidir le tuairisciú ag an mbrainse chuig ceannoifig an BCIM	

Achoimre ar na córais agus ar na rialuithe atá i bhfeidhm ar leibhéal an bhrainse mar a leagtar amach in Airteagal 2(3)(d) de Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún 2024/912 ([1])	

([1]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/912 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2023 lena bhforlíontar Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an fhaisnéis a mbeidh fógra le tabhairt ina taobh maidir le gníomhaíochtaí trasteorann bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha (BCIManna) (IO L, 2024/912, 25.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/912/oj).

Tuairisc ar na rialuithe ar shocruithe toscaireachta i ndáil le gníomhaíochtaí a dhéantar sa Bhallstát óstach	

Tuairisc ar na socruithe maidir le comhlíontacht leis na hoibleagáidí a thagann faoi fhreagracht údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh ina bhfuil an brainse bunaithe i gcomhréir le hAirteagal 45(2) de Threoir 2011/61/AE	

Tuairisc ar na nósanna imeachta a cuireadh i bhfeidhm, agus ar na hacmhainní daonna agus ábhartha a leithdháiltear, chun na hoibleagáidí maidir leis an sciúradh airgid a chomhrac agus maidir le maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac a chomhlíonadh	

Soláthair ráitis réamhaisnéise do bhrabús/caillteanas agus sreabhadh airgid, thar thréimhse tosaigh 36 mhí	

Roinn 4. Foirceannadh an bhrainse

Níor cheart an roinn seo a líonadh isteach i bhfógra tosaigh. Níor cheart é a líonadh isteach ach amháin i gcás ní a thugtar cothrom le dáta, i gcás ina mbeartaítear an brainse a fhoirceannadh.

Mionsonraí agus próisis chun na hoibríochtaí gnó a fhoirceannadh, lena n-áirítear sonraí faoi na bearta chun leasanna infheisteoirí sa Bhallstát óstach a chosaint, conas a réitítear gearáin agus urscaoileadh aon dliteanas gan íoc	

Sceideal an fhoirceanta bheartaithe	

Dáta	
Ainm agus cáil an tsínitheora	
Síniú	

IARSCRÍBHINN IV

Ráiteas maidir le húdarú BCIM faoi Airteagal 32(3), an dara fomhír, de Threoir 2011/61/AE

RÁITEAS A BHUNAIGH _____ *(ainm údarás inniúil Bhallstáit baile an BCIM)*

Roinn 1. An Roinn atá freagrach as an ráiteas a bhunú laistigh d'údarás inniúil Bhallstát baile an BCIM

Roinn	
Seoladh an údaráis náisiúnta inniúil	
Seoladh ríomhphoist na roinne a bhunaíonn an ráiteas	

Roinn 2. Sainaithint an BCIM údaraithe

BCIM	
LEI an BCIM	
Ballstát baile an BCIM	
Seoladh agus, i gcás inar difriúil leis an seoladh é sin, oifig chláraithe/ sainchónaí	

Roinn 3. Raon feidhme údarú an BCIM

Tá údarú an BCIM teoranta do bhainistíocht na CIManna a bhfuil an straitéis infheistíochta seo a leanas acu:

_____

_____

(Déanfaidh ionadaí ó údarás inniúil Bhallstát baile an BCIM an fianú a shíniú agus a dhátú. Cuirfidh an sínitheoir a ainm nó a hainm in iúl)

Dáta	
Ainm agus cáil an tsínitheora	
Síniú	

IARSCRÍBHINN V

Samhail de litir fógra maidir le daoine atá freagrach as brainse atá le cur faoi bhráid údarás inniúil a Bhallstáit baile ag BCIM an Aontais a bhfuil sé beartaithe aige brainse a bhunú i mBallstáit eile faoi Airteagal 33(3), litir (c) de Threoir 2011/61/AE

LITIR FÓGRA

FÓGRA MAIDIR LE DAOINE ATÁ FREAGRACH AS BRAINSE ([1]) A BHAINEANN LE RÚN BCIM BRAINSE A BHUNÚ I mBALLSTÁT EILE SEACHAS A BHALLSTÁT BAILE I gCOMHRÉIR LE hAIRTEAGAL 33, MÍR (3), LITIR (C), DE THREOIR 2011/61/AE.

IN _____ *(an Ballstát óstach)*

Sainaithint BCIM	
BCIM	
LEI BCIM	
Cód céannachta náisiúnta an BCIM (i gcás ina mbeidh fáil air sin)	
Ballstát baile an BCIM	
Seoladh agus, i gcás inar difriúil leis an seoladh é sin, oifig chláraithe/ sainchónaí	

Sainaithint an bhrainse	
Ainm an bhrainse	
Cód céannachta náisiúnta an bhrainse i mBallstát baile an BCIM (i gcás ina mbeidh fáil air sin)	
Céannacht náisiúnta an bhrainse sa Bhallstát ina bhfuil an brainse bunaithe (i gcás ina mbeidh fáil air sin)	
Seoladh agus, i gcás inar difriúil leis an seoladh é sin, oifig chláraithe/ sainchónaí	

An bhfuil fógra á thabhairt agat faoi leasuithe ar fhaisnéis a soláthraíodh cheana féin i bhfógra tosaigh?

Tá □ Níl □

I gcás inarb é 'Tá' an freagra ar an gceist seo, aibhsigh thíos an fhaisnéis a tugadh cothrom le dáta i gcomparáid leis an bhfógra roimhe seo agus sonraigh dáta an fhógra roimhe seo: _____

FÓGRA DUINE ATÁ FREAGRACH AS:

□ Bainistíocht an bhrainse

□ Foirceannadh oibríochtaí an bhrainse ([2])

([1]) Ná cuir isteach ach foirm amháin ar leithligh le haghaidh gach duine ábhartha agus foirm amháin in aghaidh gach comhaid leictreonaigh.

([2]) Níor cheart fógra maidir le duine atá freagrach as brainse a fhoirceannadh a líonadh isteach mar ní a tugadh cothrom le dáta ach amháin i gcás ina bhfuil sé beartaithe go ndéanfar an brainse a fhoirceannadh.

Aitheantas agus sonraí teagmhála an duine dá dtugtar fógra	
Sloinne	
Céadainm	
Ról nó feidhm a dhéantar	
Dáta tosaigh an róil sin	
Dáta deiridh an róil sin (i gcás inarb ábhartha)	
Uimhir theileafóin	
Seoladh ríomhphoist	

Barúlacha breise	
Ráitis bhreise, i gcás ina léirítear sin (e.g. iarainm i gcás athruithe ar ainm, athruithe seasamh etc.)	

Dáta	
Síniú an duine dá dtugtar fógra	

Dáta	
Ainm agus cáil shínitheoir an BCIM/an bhrainse ([1])	
Síniú	

([1]) Níor cheart iad a bheith comhionann leis an duine dá dtugtar fógra.